Údarás na Gaeltachta

Scoláireacht i bhForbairt Gnó

(Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí)

Tá Scoláireacht i **bhForbairt Gnó** a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta d'iarratasóirí Gaeltachta le hoiliúint fhoirmiúil agus taithí phraiticiúil a fháil i réimse oibre na forbartha gnó.

Duine díograiseach le cáilíocht 3ú leibhéal agus cumas maith sa Ghaeilge agus sa Bhéarla le scileanna maithe ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin atá á lorg. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Oifigí an Údaráis i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí agus ag obair ar thograí i nGaeltachtaí an Deiscirt. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an té sin chomh maith le costais a bhainfeadh le cúrsaí oiliúna, costais iarchéime nó cáilíochtaí gairmiúla san áireamh.

Seol iarratas mar aon le CV as Gaeilge, chuig foluntais@udaras.ie nó

An Rannóg Acmhainní Daonna,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 503100 **Ríomhphost:** foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.